

# LEATHANACH 258

Dé Luain 27 Márta 2017

## Sacar


Bhí cluiche mór sacair ar siúl i mBaile Átha Cliath oíche Dé hAoine. Bhí Éire agus an Bhreatain Bheag ag imirt. D'éirigh go han-mhaith leis an dá fhoireann seo i gCorn na hEorpa sa Fhrainc an samhradh seo caite.

Tá imreoir an-speisialta ag na Breatnaigh - Gareth Bale is ainm dó. Imríonn sé sa Spáinn le Real Madrid. Ach bhí cluiche saghas ciúin aige agus tugadh an cárta buí dó freisin.


Imríonn Seamus Coleman d'fhoireann na hÉireann agus is é captaen na foirne é. Is as Dún na nGall é agus imríonn sé le hEverton i Sasana freisin. Bhí bliain iontach aige - go dtí an oíche sin.

Ach sa chluiche Dé hAoine bhuail Neil Taylor go dona é agus briseadh cos Coleman in dhá áit. Thug an réiteoir an cárta dearg do Taylor. Beidh sé tamall fada anois go mbeidh Seamus bocht in ann imirt arís. Tá súil againn go mbeidh sé ar ais ar a sheanléim go luath arís.

Chríochnaigh an cluiche leis an scór 0-0. Beidh na hÉireannaigh níos sásta ná na Breatnaigh leis an toradh sin. Táimid sa dara háit sa ghrúpa anois agus rachaidh an dá fhoireann ag barr an ghrúpa go Corn an Domhain sa Rúis in 2018.



Thug an réiteoir an cárta dearg do Taylor



## Thugamar féin an samhradh linn

An tseachtain seo caite bhaineamar Cónocht an Earraigh amach. Agus maidin Dé Domhnaigh chuamar le ham an tsamhraidh - ag a haon a chlog ar maidin chuireamar na cloig uair an chloig ar aghaidh. Bhí codladh níos giorra againn an oíche sin.


Nó an ndearna tú dearmad? Beidh am an tsamhraidh linn go ceann seacht mí. Rachaidh na cloig ar ais uair an chloig ar an 29 Deireadh Fómhair. Beidh codladh níos faide againn an oíche sin.

## Uair an chloig ar son an Domhain

Bhí *Earth Hour* ann oíche Dé Sathairn idir leathuair tar éis a hocht agus leathuair tar éis a naoi. Ar fud an domhain mhúch daoine na soilse nach raibh ag teastáil ina dtithe. Ba mhaith leo a thaispeáint do na polaiteoirí go bhfuil siad imníoch faoin domhan agus faoin timpeallacht.

Cuireadh tús le *Earth Hour* deich mbliana ó shin i Sidney na hAstráile. Bíonn na milliúin páirteach ann anois ar fud an domhain.

Ach má rinne tusa agus do theaghlach dearmad de i mbliana ná bí buartha. Ní gá duit fanacht bliain eile. Is féidir leat na soilse breise sin a mhúchadh anocht - agus gach oíche!



Earth hour